Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Eanáir 2023**
**(OR. en)**

**5211/23**

**SOC 12**
**ANTIDISCRIM 5**
**GENDER 5**
**JAI 21**
**FREMP 3**
**COHOM 7**
**EDUC 9**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Eanáir 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 7 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Tuarascáil mheasúnachta ar chreataí straitéiseacha náisiúnta na mBallstát maidir leis na Romaigh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 7 final.

Faoi iamh: COM(2023) 7 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.1.2023
COM(2023) 7 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Tuarascáil mheasúnachta ar chreataí straitéiseacha náisiúnta na mBallstát maidir leis na Romaigh**

{SWD(2023) 3 final}

## RÉAMHRÁ

Ar mhaithe lena thosaíocht pholaitiúil fhoriomlán i dtaobh Aontas an Chomhionannais a chur chun cinn, ghlac an Coimisiún Creat Straitéiseach nua an Aontais maidir le Comhionannas, Cuimsiú agus Rannpháirtíocht na Romach[1] (Creat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh) an 7 Deireadh Fómhair 2020. Agus leas á bhaint as an meastóireacht a rinneadh ar Chreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh 2011-2020[2], leagtar béim i gCreat Straitéiseach nua an Aontais maidir leis na Romaigh ar an ngá atá ann an gealltanas a neartú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, bunaithe ar athrú ar an bparaidím ón lánpháirtiú socheacnamaíoch i dtreo cur chuige níos cuimsithí maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach a chur chun cinn. D'fhormhuinigh na Ballstáit an cur chuige sin trí Mholadh ón gComhairle maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach[3] a ghlacadh d'aon toil an 12 Márta 2021.

Díríonn Creat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh ar an bhfrithghiofógachas agus ar an idirdhealú a chomhrac, agus aird á tabhairt ar éagsúlacht phobal na Romach agus ar an ngá atá le cur chuige trasnach maidir leis an meascán féideartha den idirdhealú ar fhorais tionscnaimh eitnigh agus ar fhorais tréithe eile, amhail idirdhealú in aghaidh ban, daoine scothaosta nó daoine óga, leanaí, daoine LGBTIQ, daoine faoi mhíchumas, náisiúnaigh a bhfuil cead gluaisteachta san Aontas acu, náisiúnaigh nach den Aontas iad, agus/nó daoine gan stát. Cuireann an creat rannpháirtíocht na Romach chun cinn freisin trí chumhachtú, trí chomhar agus trí mhuinín, mar aon lena rannpháirtíocht i ngach próiseas cinnteoireachta agus beartais a dhéanann difear dóibh. Leagtar amach ann seacht gcuspóir choiteanna an Aontais agus, den chéad uair riamh, moltar spriocanna ar leibhéal an Aontais le haghaidh 2030, chun íosleibhéal dul chun cinn a áirithiú. Tugtar aghaidh sna seacht gcuspóir ar réimsí cothrománacha an chomhionannais, an chuimsithe agus na rannpháirtíochta, agus ar réimsí earnálacha an oideachais, na fostaíochta, na sláinte agus na tithíochta. Chun tacú le faireachán éifeachtach ar an dul chun cinn, moltar freisin i gCreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh go n-úsáidfí punann táscairí do na Ballstáit[4].

I gCreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh, ar creat é a forbraíodh le linn ghéarchéim COVID-19, cuirtear san áireamh an tionchar díréireach ar phobal na Romach a bhí neamhchosanta de dheasca na paindéime, agus leagtar amach ann treoraíocht maidir le dul i ngleic le dúshláin ar bhealach níos fearr, cur go mór leis an r-chuimsiú agus ceartas comhshaoil a áirithiú.

Chun cuspóirí Chreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh a bhaint amach, tá gá le gníomhaíocht ón Aontas agus le gníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta araon, agus tá na príomhinniúlachtaí ag na Ballstáit. Is é sin an fáth ar iarradh, le Creat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh agus leis an Moladh ón gComhairle, ar na Ballstáit creataí

---

[1] COM(2020) 620 - *Creat straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach*.

[2] [2] Tuarascáil ar an meastóireacht ar chreat an Aontais do Straitéisí Náisiúnta suas go dtí 2020 maidir le Lánpháirtiú na Romach, COM(2018) 785 final.

[3] Moladh ón gComhairle an 12 Márta 2021 maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach 2021/C 93/01 Moladh ón gComhairle an 12 Márta 2021 maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach 2021/C 93/01.

[4] Arna forbairt ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) i gcomhar leis na pointí teagmhála náisiúnta do na Romaigh (NRCPanna), oifigí staidrimh náisiúnta agus an Coimisiún.

straitéiseacha náisiúnta[5] a fhorbairt faoi mhí Mheán Fómhair 2021 agus iad a roinnt leis an gCoimisiún. I bhfianaise éagsúlacht na gcásanna sna Ballstáit, bhí coinne leis go bhforbrófaí creataí náisiúnta (NRSFanna) de réir cur chuige a bhí coiteann ach difreáilte. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit uile sraith de ghnéithe coiteanna agus de ghealltanais íosta a áireamh, rudaí a d'fhéadfaí a chomhlánú le gealltanais bhreise ag brath ar chomhthéacsanna sonracha náisiúnta, agus i gcás na mBallstát a bhfuil pobal mór Romach acu (i.e. os cionn 1 %[6]), d'iarr sé orthu gealltanais is uaillmhianaí fós a chur san áireamh freisin.

Agus é ag comhlánú Chreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh, leagtar amach sa Mholadh ón gComhairle bearta chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na seacht gcuspóir choiteanna, ag brath ar a ábhartha atá siad dá gcomhthéacs náisiúnta. Leagtar béim freisin ar a thábhachtaí atá sé sásraí fónta faireacháin a chur i bhfeidhm, agus an leas is fearr is féidir a bhaint as cistí de chuid an Aontais agus as cistí náisiúnta araon.

Sa Teachtaireacht seo, déantar breithniú ar na creataí straitéiseacha náisiúnta maidir leis na Romaigh, déantar measúnú ar na gealltanais sin a thug na Ballstáit agus tugtar treoraíocht faoi aon fheabhsú is gá. Tá Doiciméad Inmheánach Oibre (SWD) atá ina dhá chuid ag gabháil léi, doiciméad ina bhfuil comhaid tíre ina ndéantar achoimre ar an anailís ar straitéisí náisiúnta a ghlac Ballstáit aonair, chomh maith le roinnt tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas agus iarrthóirí ionchasacha atá rannpháirteach i bpróiseas Poznań[7]. I gcás gach Ballstáit, déantar measúnú sna comhaid tíre ar cé chomh maith agus a fhreagraíonn na príomhbhearta atá beartaithe do chuspóirí Chreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh agus don Mholadh ón gComhairle, agus béim á leagan ar réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú agus ar shamplaí de chleachtais a bhfuil gealladh fúthu. Is é an cur chuige céanna atá sa dara cuid den doiciméad inmheánach oibre, ina gcumhdaítear na tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas agus na tíortha is iarrthóirí ionchasacha. Áirítear sa chéad chuid den doiciméad inmheánach oibre tábla a chuir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) i dtoll a chéile ina bhfuil spriocanna a leag gach Ballstát síos, agus achoimre ar na torthaí ó na tuarascálacha measúnaithe tíortha a d'ullmhaigh an Tionscnamh um fhaireachán a dhéanamh ar shochaí shibhialta na Romach (RCM)[8].

## 1. MEASÚNÚ FORIOMLÁN AR CHREATAÍ STRAITÉISEACHA NÁISIÚNTA MAIDIR LEIS NA ROMAIGH

Roinn cúig Bhallstát a gcreataí straitéiseacha náisiúnta maidir leis na Romaigh (NRSFanna) faoi mhí Mheán Fómhair 2021, agus níor chuir formhór na mBallstát isteach iad go dtí idir mí Dheireadh Fómhair 2021 agus mí na Bealtaine 2022. Níor ghlac dhá Bhallstát a gcuid

[5] Tagraíonn creat straitéiseach náisiúnta maidir leis na Romaigh do straitéisí náisiúnta le haghaidh phobal na Romach agus/nó do thacair chomhtháite de bhearta beartais laistigh de chomhthéacs socheacnamaíoch níos leithne, atá ábhartha do chomhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach.

[6] An Bhulgáir, an tSeicia, an Ghréig, an Ungáir, an Rómáin, an tSlóvaic agus an Spáinn.

[7] Laistigh de phróiseas Poznań, chomhaontaigh an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Mhacadóin Thuaidh, Montainéagró, an tSeirbia agus an Chosaiv (ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive) a gcreataí straitéiseacha/pleananna gníomhaíochta náisiúnta maidir leis na Romaigh a chomhtháthú in NRSFanna/Pleananna Gníomhaíochta na Romach i gcomhréir le creat an Aontais maidir leis na Romaigh.

[8] Réamhbheart 2021-2025 — Monatóir Sibhialta na Romach:Acmhainneacht agus rannpháirtíocht shochaí shibhialta na Romach agus ar son na Romach san fhaireachán agus san athbhreithniú ar bheartais. Cuid thábhachtach de chreat an Aontais maidir leis na Romaigh is ea rannpháirtíocht na sochaí sibhialta agus baint a bheith aici leis. Bhí baint cheana féin ag eagraíochtaí Romacha agus ag eagraíochtaí atá i bhfabhar na Romach le measúnuithe cur chun feidhme a rinneadh roimhe seo.

NRSFanna go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2022[9]. Tá straitéisí leanúnacha a mhairfidh níos faide ná 2021, nó tacar beart comhtháite beartais[10], ag sé Bhallstát, agus níl a NRSF athnuaite fós ag Ballstát amháin, NSRF a chuaigh in éag an 31 Nollaig 2021. I gcás na seacht mBallstát sin, bunaíodh an measúnú ar cheistneoir maidir le bearta atá ann cheana nó atá beartaithe, a raibh sé d'aidhm aige a chinneadh a mhéid a dhéantar gnéithe de Chreat Straitéiseach nua an Aontais maidir leis na Romaigh agus den Mholadh ón gComhairle[11] a chomhtháthú sna creataí agus sna pleananna atá acu faoi láthair.

Breathnaítear sa mheasúnú seo ar an gcomhfhreagairt idir bearta na NRSFanna agus na bearta a mholtar sa Mholadh ón gComhairle. Breathnaítear ann freisin ar a mhéid a léiríonn na bearta príomhdhúshláin i ngach Ballstát agus meastar an bhfuil siad uaillmhianach go leor chun cuidiú le cuspóirí Chreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh agus a spriocanna le haghaidh 2030 a bhaint amach. Rinne FRA anailís ar na spriocanna agus ar na táscairí a leagtar amach sna NRSFanna. Faoi gach cuspóir, tugtar samplaí de chleachtais a bhfuil gealladh fúthu a dhéanann na Ballstáit.

### 1.1 Achoimre ar an measúnú

### a) Gnéithe coiteanna, gealltanais íosta, gealltanais is uaillmhianaí fós

Moladh i gCreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh gur cheart roinnt gnéithe coiteanna a bheith san áireamh i ngach NRSF, agus béim á leagan ar an gcomhionannas, an rannpháirtíocht agus an éagsúlacht; ar ghníomhaíochtaí príomhshruthaithe agus spriocdhírithe araon; agus ar shocrú spriocanna agus bailiú sonraí feabhsaithe. Chun na gnéithe sin a chur i ngníomh, iarradh ar na Ballstáit uile na gnéithe seo a leanas a áireamh ina NRSFanna, mar ghealltanas íosta, ar gnéithe iad a léirítear sa Mholadh ón gComhairle freisin:

- bonnlínte agus spriocanna a leagan síos i dtreo chuspóirí foriomlána agus phríomhspriocanna an Aontais, lena n-áirítear do ghrúpaí sonracha, chun éagsúlacht na Romach a léiriú;
- dul i ngleic leis an bhfrithghiofógachas agus leis an idirdhealú;
- cuimsiú socheacnamaíoch na Romach imeallaithe a áirithiú;
- bearta spriocdhírithe agus príomhshrutha araon;
- buiséad tiomnaithe a leithdháileadh agus sásraí a chruthú i ndáil le cur chun feidhme, tuairisciú, faireachán agus meastóireacht;
- lena n-áirítear eagraíochtaí sochaí sibhialta Romacha agus eagraíochtaí sochaí sibhialta atá i bhfabhar na Romach, aireachtaí earnála, comhlachtaí comhionannais agus gníomhaithe eile i bpróiseas córasach comhairliúcháin agus comhair;
- rannpháirtíocht ghníomhach eagraíochtaí na sochaí sibhialta i gceapadh beartas agus i bpróisis ardán náisiúnta agus i bpróisis ardáin an Aontais a chur chun cinn; agus
- an sainordú, na hacmhainní agus an fhoireann is gá a thabhairt do Phointe Teagmhála Náisiúnta na Romach (NRCP), agus a ról a neartú, lena n-áirítear trí athchóiriú a dhéanamh ar ardáin náisiúnta na Romach.

[9] Féach an Iarscríbhinn, ina bhfuil tábla ina dtugtar forléargas ar aighneachtaí.
[10] Bearta ginearálta príomhshrutha maidir le cuimsiú sóisialta agus frith-idirdhealú.
[11] Níor ghlac Málta Creat Straitéiseach Náisiúnta maidir leis na Romaigh toisc bhfuil aon phobal Romach atá ar eolas ar a chríoch.

Ar an iomlán, léirigh na Ballstáit ina NRSFanna an chuid is mó den obair nua i gCreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh, agus lean siad an cur chuige trí cholún maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht. Tá bearta atá beartaithe sa Mholadh ón gComhairle curtha ar aghaidh acu freisin, ag brath ar a gcomhthéacsanna náisiúnta.

Chuir ocht mBallstát (CZ, EL, ES, FR, HR, LT, SI agus SK) na gnéithe coiteanna agus na gealltanais íosta a moladh i gCreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh san áireamh ina NRSFanna, agus tá na gnéithe sin curtha san áireamh go páirteach ag dhá Bhallstát déag eile (AT, BE, BG, DE, EE, FI, HU, IT, LV, NL, PL agus RO). Den chuid is mó, is é atá sna na heilimintí atá in easnamh spriocanna, buiséid atá curtha in áirithe go soiléir le haghaidh cur chun feidhme agus faireacháin, nó bearta le haghaidh na héagsúlachta laistigh den phobal Romach. Chuir na sé Bhallstát eile (CY, DK, IE, LU, PT agus SE) na gealltanais íosta san áireamh ar bhonn an-teoranta.

Ag brath ar na comhthéacsanna sonracha náisiúnta, i gCreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh iarradh ar na Ballstáit a bhfuil dúshláin shonracha rompu a mhéid a bhaineann le comhionannas agus cuimsiú na Romach na gnéithe coiteanna agus na gealltanais íosta a chomhlánú le gealltanais bhreise. Baineann samplaí de na dúshláin shonracha le dálaí maireachtála na Romach, le soghluaisteacht thrasnáisiúnta, nó le saincheisteanna a bhaineann le doiciméadacht oifigiúil. Ag leanúint an chur chuige choitinn ach difreáilte, thug roinnt mhaith Ballstát gealltanais bhreise, mar shampla trí spriocanna cainníochtúla a leagan síos i **réimsí** áirithe, nó trína mhionsonrú cén chaoi a bhfuil sé beartaithe acu cistí an Aontais agus cistí náisiúnta a infheistiú chun tairbhe na Romach.

Ina theannta sin, bhí coinne leis go gcuirfeadh na seacht mBallstát (BG, CZ, EL, ES, HU, RO agus SK) ina bhfuil pobail Romacha is mó fós (os cionn 1 % den daonra iomlán) gealltanais is uaillmhianaí fós san áireamh ina NRSFanna. Chuir gach ceann acu, chomh maith leis an gCróit, gealltanais is uaillmhianaí fós isteach ina NRSFanna (cé go bhfuil leibhéil éagsúla uaillmhéine acu) chun an t-idirdhealú a chosc agus a chomhrac agus chun aghaidh a thabhairt ar an bhfrithghiofógachas agus ar chlaontachtaí in aghaidh na Romach agus ar steiréitíopaí. Bhí plean nó tacar beart ag gabháil leis an gcuid is mó de na NRSFanna sin lena léiriú conas a chaithfear cistí an Aontais agus cistí náisiúnta chun tacú le comhionannas agus cuimsiú na Romach. Chuir na Ballstáit sin pleananna san áireamh chun aghaidh a thabhairt ar idirdheighilt san oideachas agus sa tithíocht agus chun é sin a chosc. Maidir le tithíocht, níl bearta sonracha i leith dídheighilt ag an mBulgáir ná ag an Rómáin. Mar sin féin, is minic nach soláthraítear leibhéal leordhóthanach mionsonraí i bpleananna maidir le maoiniú bearta.

**b) Cuspóirí agus bearta**

Aithníodh i gCreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh go bhfuil sé ríthábhachtach **an frithghiofógachas agus an t-idirdhealú a chosc agus a chomhrac** ar mhaithe le comhionannas agus cuimsiú na Romach. Tá bearta sa réimse sin curtha san áireamh ag formhór na mBallstát mar atá beartaithe sa Mholadh ón gComhairle. Ní chuirtear na bearta sin i bhfeidhm go córasach, áfach, ar bhealach trasearnálach i ngach réimse earnálach. Ní thugtar aghaidh ar an idirdhealú iomadúil trasnach ar gach foras leochaileachta ach amháin i roinnt NRSFanna.

I gcás bearta a bhaineann leis na Romaigh **lena gcuirtear an cuimsiú sóisialta chun cinn**, tá na bearta sin nasctha ina lán NRSFanna le cláir bheartais náisiúnta agus le cistiúchán, lena n-áirítear cistí an Aontais, trí chur chuige príomhshruthaithe lena dtugtar aghaidh ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh sóisialta, ar chosaint leanaí, agus ar rochtain ar an

oideachas agus ar sheirbhísí riachtanacha. Mar sin féin, ina lán cásanna, ní thugtar tuairisc shoiléir ar a mhéid a bhainfidh na Romaigh tairbhe as na beartais phríomhshrutha sin.

Maidir le **rannpháirtíocht na Romach** i sásraí comhairliúcháin, i gceapadh beartais agus i bpróisis chinnteoireachta, déanann a lán Ballstát tagairt don mhéid a chuireann na Romaigh le forbairt NRSFanna, lena n-áirítear trína rannpháirtíocht in Ardáin Náisiúnta na Romach. Mar sin féin, léirítear sa mheasúnú ar shochaí shibhialta na Romach a rinneadh tríd an tionscnamh um fhaireachán a dhéanamh ar shochaí shibhialta na Romach[12], go bhfuil rannpháirtíocht agus comhar níos dlúithe indéanta agus gur gá iad chomh maith.

Tá sé beartaithe ag an gcuid is mó de na NRSFanna comhar leanúnach leis na Romaigh a áirithiú, rud a éascóidh a rannpháirtíocht agus na straitéisí á gcur chun feidhme, agus sna próisis faireacháin, mheastóireachta agus tuairiscithe. Thairis sin, thug na Ballstáit (e.g. AT, BE, CZ, DE, EL, ES, FI, HR, HU, LT, LV,
SE, SK agus SI) tuairisc ar ghníomhaíochtaí chun tacú le cumhachtú agus rannpháirtíocht eagraíochtaí Romacha, lena n-áirítear iad siúd a dhéanann ionadaíocht ar mhná, ar dhaoine óga, ar leanaí agus ar an óige ón bpobal Romach, cé gur lú an fhócais ar infheistíocht a dhéanamh i bhfothú acmhainneachta na n-eagraíochtaí sin.

Faoi na cuspóirí earnálacha **san oideachas, san fhostaíocht, sa tsláinte agus i dtithíocht**, áirítear i gcuid mhaith NRSFanna na bearta atá beartaithe den chuid is mó. Tá cuid de na bearta sin nasctha le spriocanna agus táscairí náisiúnta, bunaithe ar staidreamh náisiúnta, i gcás ina bhfuil siad ar fáil. Is é atá sa chuspóir earnálach atá tiomnaithe don oideachas ná an réimse ina bhfuil sé beartaithe ag na Ballstáit na bearta is leithne a dhéanamh. Maidir le dídheighilt san oideachas agus sa tithíocht, áfach, is cosúil nach leor na pleananna chun aghaidh a thabhairt go rathúil ar an bhfadhb ina hiomláine. Thairis sin, ní hionann na bearta i réimsí na fostaíochta, na sláinte agus na tithíochta i gcónaí agus scála agus castacht na ndúshlán a bhíonn roimh na Romaigh.

### c) Spriocanna[13]

Leag roinnt Ballstát, go háirithe Ballstáit ina bhfuil pobal Romach is mó fós, spriocanna náisiúnta síos a fhreagraíonn do na spriocanna ar leibhéal an Aontais i gCreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh. Tá coinne leis go ndéanfaidh na Ballstáit sin a gcion féin den iarracht chomhpháirteach na spriocanna sin a bhaint amach. I gcás na hUngáir agus na Slóvaice, níor leag siad síos ach go páirteach spriocanna náisiúnta a fhreagraíonn do spriocanna ar leibhéal an Aontais; níor chuir an Rómáin san áireamh ach roinnt spriocanna náisiúnta nach bhfreagraíonn do na spriocanna ar leibhéal an Aontais.

Leag Ballstáit eile spriocanna náisiúnta cainníochtúla nó cáilíochtúla síos maidir le saincheisteanna nach ionann iad agus na saincheisteanna sin ar tugadh aghaidh orthu sna spriocanna ar leibhéal an Aontais faoi chuspóir ar leith de chuid Chreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh. Dá bhrí sin, ní féidir tomhas cruinn a dhéanamh ar a mhéid a rannchuidíonn siad le spriocanna Chreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh a bhaint amach. Níor leag roinnt Ballstát aon sprioc síos (DE, DK, LU, NL agus SE).

[12] Tá an measúnú mionsonraithe le fáil san Aguisín a ghabhann leis an gcéad chuid den doiciméad inmheánach oibre.
[13] Tá forléargas ar staid na spriocanna i ngach Ballstát le haghaidh na gcuspóirí uile le fáil in aguisín a ghabhann leis an gcéad chuid den doiciméad inmheánach oibre.

Leag roinnt Ballstát a bhfuil pobal beag Romach acu spriocanna náisiúnta síos a fhreagraíonn do na spriocanna ar leibhéal an Aontais (HR go háirithe, ach EE, SI, FI agus LT freisin i leith roinnt cuspóirí) agus is mór ag an gCoimisiún na hiarrachtaí sin. Ag brath ar dhúshláin agus ar chomhthéacsanna náisiúnta, d'fhéadfadh níos mó Ballstát na samplaí dearfacha sin a leanúint.

Ar an iomlán, agus go háirithe na NRSFanna a chuir Ballstáit a bhfuil pobal Romach is mó fós acu isteach, léiríonn siad go ndearnadh iarrachtaí móra chun spriocanna a leagan síos a fhreagraíonn do spriocanna Chreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh agus chun bearta gaolmhara a phleanáil. Mar sin féin, níor leag an Rómáin spriocanna náisiúnta síos a fhreagraíonn do spriocanna Chreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh. I gcás easpa spriocanna náisiúnta le haghaidh na tíre ina bhfuil an pobal Romach is mó, tá an baol ann go mbeadh tionchar diúltach aige sin ar chumas comhchoiteann na mBallstát spriocanna 2030 Chreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh a bhaint amach.

### 1.2 Stádas agus ról na bpointí teagmhála náisiúnta do na Romaigh (NRCP)

Moladh i gCreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh gur cheart do na NRSFanna, ar a laghad, sainordú, acmhainní, acmhainneacht foirne agus údarás institiúideach leormhaith a chur ar fáil do na NRCPanna. Ba cheart do na NRSFanna freisin iad a chumhachtú gníomhaíocht a chomhordú go héifeachtach le haireachtaí earnálacha agus le húdaráis ábhartha eile, faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme beartas a bhaineann leis na Romaigh agus comhar leis an tsochaí shibhialta Romach a neartú, lena n-áirítear trí Ardáin Náisiúnta na Romach.

Cé go bhfuil ról tábhachtach ag na NRCPanna maidir le comhar a éascú idir na húdaráis agus an tsochaí shibhialta, agus maidir le rannpháirtíocht na Romach a chur chun cinn, ní hionann raon feidhme na sainorduithe atá acu idir Ballstát amháin agus Ballstát eile. Ar an iomlán, níor neartaigh na straitéisí nua na NRCPanna le hacmhainní breise airgeadais agus foirne agus, cé go bhfuil sainordú leathan ag cuid acu, tá siad fós teoranta maidir lena gcumas a ról comhordúcháin a chur i gcrích go héifeachtach.

Sna Ballstáit sin ina bhfuil pobal Romach is mó fós, moladh i gCreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh gur cheart ról agus stádas na NRCPanna a neartú chun a áirithiú go ndéanfar comhordú agus príomhshruthú éifeachtach ar chomhionannas agus ar chuimsiú na Romach ar fud earnálacha éagsúla ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil. Sa chreat iarradh freisin ar na Ballstáit ról a thabhairt do na NRCPanna i gclársceidealú tras-rialtasach maidir le dáileadh cistí an Aontais do na Romaigh agus i bhfaireachán a dhéanamh ar an gcaiteachas sin, agus a áirithiú go mbeidh beartais agus seirbhísí poiblí ag freastal go héifeachtach ar an bpobal Romach, lena n-áirítear na Romaigh sin atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus iargúlta.

I gcás fhormhór na mBallstát ina bhfuil pobal Romach is mó fós, thug siad sainorduithe agus róil leormhaithe dá NRCPanna maidir le comhordú agus comhoibriú le haireachtaí chun na NRSFanna a chur chun feidhme, lena n-áirítear cistí an Aontais. Is eiseamláirí a bhfuil gealladh fúthu maidir leis sin iad an tSlóvaic, an Spáinn, an Chróit agus an tSeicia. Mar sin féin, fiú sna Ballstáit sin, is cosúil nach bhfuil méadú tagtha ar acmhainní foirne agus airgeadais na NRCPanna. D'fhéadfadh sé sin teorainn a chur lena n-acmhainneacht chun faireachán agus tuairisciú críochnúil a dhéanamh ar chur chun feidhme NRSFanna agus lena rannpháirtíocht i dtaca le forbairt agus faireachán a dhéanamh ar bheartais phríomhshrutha agus ar chláir phríomhshrutha. I measc na mBallstát eile, is amhlaidh atá acmhainní agus acmhainneacht roinnt NRCPanna an-teoranta ar fad.

## 2. CUSPÓIRÍ COTHROMÁNACHA

### 2.1 An frithghiofógachas agus an t-idirdhealú a chomhrac agus a chosc

Sa Mholadh ón gComhairle, iarrtar ar na Ballstáit an frithghiofógachas agus an t-idirdhealú a chomhrac agus a chosc, lena n-áirítear trí dhul i ngleic le ciapadh, fuathchoireacht agus fuathchaint, ar líne agus as líne araon. Iarrtar sa mholadh freisin ar na Ballstáit córas cuimsitheach tacaíochta le haghaidh íospartach a fhorbairt agus a chur chun cinn, feasacht ar an bhfrithghiofógachas a ardú, agus feasacht ar stair na Romach a chur chun cinn, lena n-áirítear trí chomóradh a dhéanamh ar Uileloscadh na Romach agus trí phróisis athmhuintearais sa tsochaí.

Ar an iomlán, rinne na Ballstáit iarrachtaí suntasacha a gcuid NRSFanna a ailíniú leis an Moladh ón gComhairle. D’fhorbair formhór na mBallstát bearta chun an t-idirdhealú, fuathchaint agus fuathchoireacht a chomhrac, agus, go pointe áirithe, chun an frithghiofógachas a chomhrac. Áirítear ar na bearta sin feachtais múscailte feasachta agus feachtais faisnéise atá dírithe ar an bpobal i gcoitinne, ar institiúidí poiblí agus ar na meáin. Cé go dtagraíonn an Ungáir don fhrithghiofógachas ina roinn anailíseach, tá bearta follasacha in easnamh ann chun an frithghiofógachas a chomhrac. Luann an Bhulgáir dearcthaí frith-Romacha a chomhrac, ach províonn na bearta atá beartaithe aici ar an idirdhealú seachas ar an bhfrithghiofógachas. Thairis sin, tá sé d’aidhm ag roinnt beart ról córasach a thabhairt do chomhlachtaí comhionannais i mbearta comhionannais na Romach agus tuairiscí dearfacha faoi phobal na Romach agus eiseamláirí Romacha a chur chun cinn. Mhol roinnt NRSFanna bearta chun aghaidh a thabhairt ar an idirdhealú trasnach nó ar an il-idirdhealú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí ar leith chun dul i ngleic leis na dúshláin shonracha atá roimh mhná Romacha.

Chuir roinnt Ballstát bearta san áireamh ina NRSFanna chun stair agus cultúr na Romach a chur chun cinn, amhail idirphlé a éascú chun aitheantas a thabhairt do na héagóracha a rinneadh roimhe seo agus páirt a ghlacadh i bpróisis athmhuintearais. Ar na bearta chun stair agus cultúr na Romach a chur chun cinn áirítear gnéithe sonracha a fhorbairt agus a thabhairt isteach i gcuraclaim agus i dtéacsleabhair, Lá Idirnáisiúnta na Romach (8 Aibreán) a cheiliúradh, agus Uileloscadh na Romach a chomóradh (2 Lúnasa). Tugtar aitheantas do na laethanta sin sa dlí i roinnt Ballstát. Cistíonn roinnt Ballstát cláir raidió agus theilifíse agus músaeim atá tiomnaithe do stair agus do chultúr na Romach.

Cé gur aithin formhór na mBallstát ina NRSFanna gur ann don chiníochas agus don idirdhealú, d'fhéadfaí an fheasacht sin a athrú ina bearta níos láidre fós chun freagairt ar bhealach níos sásúla do na dúshláin a sainaithníodh i roinnt Ballstát.

Ar na samplaí de chleachtais a bhfuil gealladh fúthu áirítear ionstraimí dlí a chur i bhfeidhm chun an t-idirdhealú a chomhrac agus chun dul i ngleic leis an bhfuathchaint sa Fhrainc, agus glacadh Dlí maidir leis an bhFrithghiofógachas[14] sa Rómáin.

I gcás faisnéis faoi leithdháiltí buiséadacha don chuspóir sin, go sonrach do na NRSFanna nó maidir le cláir phríomhshrutha ábhartha, tá an fhaisnéis sin in easnamh nó tá sí róghinearálta nó doiléir.

[14] Dlí 2 /2021 maidir le bearta chun an frithghiofógachas a chosc agus a chomhrac.

Mar thoradh ar chogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tá sruthanna suntasacha dídeanaithe ann, lena n-áirítear Romaigh na hÚcráine[15]. Mar gheall ar an staid sin, nochtadh roinnt rioscaí a dhéanann difear do phobal na Romach, lena n-áirítear caitheamh go míchothrom leo[16]. Cé go n-aithnítear iarrachtaí na mBallstát dul i ngleic leis an staid go dtí seo, ba cheart tuilleadh a dhéanamh chun freastal ar riachtanais na ndídeanaithe Romacha ón Úcráin tríd an leas is fearr is féidir a bhaint as na NRSFanna le go n-áiritheofar go mbeidh rochtain chomhionann acu ar oideachas príomhshrutha, ar fhostaíocht, ar thithíocht, ar chúram sláinte agus sóisialta, agus ar sheirbhísí riachtanacha eile.

**2.2 An bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a laghdú chun an bhearna shocheacnamaíoch idir na Romaigh agus an pobal i gcoitinne a dhúnadh**

Sa Mholadh ón gComhairle, iarrtar ar na Ballstáit dul i ngleic leis an ráta an-ard de phobal na Romach atá i mbaol na bochtaineachta agus dul i ngleic leis an díth ábhartha agus shóisialta ina measc.

Is é is aidhm do na bearta a leagtar amach faoin gcuspóir seo aghaidh a thabhairt ar tharchur na bochtaineachta ó ghlúin go glúin agus ar an mbochtaineachta leanaí agus eisiamh sóisialta na Romach a laghdú. Bainfear é sin amach ach feabhas a chur ar an rochtain atá acu ar sheirbhísí poiblí riachtanacha agus ar liúntais shóisialta trí chomhordú a dhéanamh ar fud earnálacha ábhartha amhail an t-oideachas agus an fhostaíocht.

I gcás roinnt Ballstát (e.g. BG, DE, EL, ES, HR, HU agus SI), is é rud a chuir siad laghdú na bochtaineachta agus an eisiaimh sóisialta faoi chuspóir ar leith. Níor chuir an tSeicia an cuspóir seo san áireamh ach leag sí sprioc amháin síos a fhreagraíonn don sprioc ar leibhéal an Aontais. Níor chuir Ballstáit eile an cuspóir seo san áireamh ina NRSFanna, ach áiríonn siad bearta chun aghaidh a thabhairt ar an gcuimsiú socheacnamaíoch agus chun an bhochtaineacht a chomhrac mar chuid de chuspóirí earnálacha na fostaíochta, an oideachais, na sláinte agus na tithíochta.

I gcás bearta chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna dhigiteach agus r-chuimsiú phobail na Romach atá faoi mhíbhuntáiste a chur chun cinn, níor cuireadh san áireamh go sonrach iad ach i roinnt NRSFanna, ach is cuid de bheartais phríomhshrutha na mBallstát maidir le cuimsiú sóisialta iad in NRSFanna eile.

Tagraíonn roinnt NRSFanna don Ráthaíocht Eorpach do Leanaí[17] agus do dheiseanna cistiúcháin Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+)[18] chun bochtaineacht leanaí a chomhrac ach tá easpa mionsonraí ann maidir le leithdháiltí buiséadacha.

Mar shampla de chleachtas a bhfuil gealladh faoi, d'fhorbair an Ghréig fóirdheontais chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh agus chun 'cárta fuinnimh' a chur ar fáil do theaghlaigh a ndéanann sí difear dóibh, ach tá pacáiste cuimsitheach de sheirbhísí comhtháite le cur i dtoll a chéile fós chun dul i ngleic leis an bhfeiniméan. Cuireann an Ungáir sampla

[15] De réir dhaonáireamh oifigiúil 2001, ba é líon na Romach Úcráineach 47,917 duine. De réir meastacháin eile, amhail meastachán ó Chomhairle na hEorpa (CoE), síleadh gur i bhfad airde a líon.
[16] An cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin — An tionchar leathan ar chearta bunúsacha san Aontas Eorpach (europa.eu).
[17] An Ráthaíocht Eorpach do Leanaí.
[18] Ciste Sóisialta na hEorpa Plus – ESF+ i gcomhpháirtíocht.

eile de chleachtas a bhfuil gealladh faoi ar fáil, ós rud é gur chuir sí san áireamh bearta chun comhairle agus oiliúint a chur ar fáil maidir le fiachas teaghlaigh a chosc.

### 2.3 Rannpháirtíocht a chur chun cinn trí chumhachtú, comhar agus iontaoibh

Sa Mholadh ón gComhairle, iarrtar ar na Ballstáit dlús a chur, de réir mar is iomchuí, le rannpháirtíocht agus comhairliúchán fóinteach na Romach, lena n-áirítear mná, daoine óga agus daoine scothaosta, agus daoine faoi mhíchumas, chun tacaíocht éifeachtach a chur ar fáil do chomhionannas agus neamh-idirdhealú na Romach.

Chun comhairliúchán leis an tsochaí shibhialta Romach a éascú maidir le beartais phoiblí a athbhreithniú agus a cheapadh, áirítear rannpháirtíocht na Romach i bhformhór na NRSFanna trína rannpháirtíocht i gcomhlachtaí comhairleacha rialtais a bhaineann go sonrach leis na Romaigh, nó sna comhlachtaí le haghaidh mionlaigh eitneacha agus náisiúnta.

Faoin gcuspóir seo tacaíonn roinnt de na bearta NRSF le fothú acmhainneachta agus le cumhachtú eagraíochtaí sochaí sibhialta (ESSanna) Romacha, lena n-áirítear eagraíochtaí do mhná agus daoine óga Romacha. Moltar leis na bearta sin ionaid phobail ilchuspóireacha Romacha a bhunú agus a neartú, ar ionaid iad a sholáthraíonn seirbhísí éagsúla amhail cúram sláinte, forbairt scileanna tuismitheoirí, tacaíocht do rannpháirtíocht in oideachas, litearthacht agus gníomhaíochtaí iarscoile, agus treoraíocht agus tacaíocht maidir le rochtain a fháil ar dheiseanna fostaíochta.

I gcuid de na NRSFanna áirítear bearta chun eiseamláirí Romacha a chur chun cinn nó gníomhaíocht chun Romaigh a earcú in institiúidí poiblí. Cé gur luaigh roinnt NRSFanna gur gá ionadaíocht na Romach a neartú agus acmhainneacht na n-eagraíochtaí Romacha a fhorbairt, níor mhol ach roinnt Ballstát bearta nithiúla chuige sin.

Cuireann an Spáinn sampla de chleachtas a bhfuil gealladh faoi ar fáil. Ghlac sí bearta atá dírithe ar fhothú acmhainneachta in ESSanna, agus i measc mná agus daoine óga Romacha chomh maith chun a rannpháirtíocht fhóinteach agus a rannpháirtíocht saoránach a áirithiú. Tugann an Iodáil sampla eile de chleachtas a bhfuil gealladh faoi trí obair Ardán Náisiúnta na Romach agus na Sintíoch agus tríd an bhFóram Pobail. Tugann an Eastóin, an Laitvia agus an Ostair samplaí eile d'idirphlé rialta struchtúrtha idir páirtithe leasmhara ábhartha, amhail Ardáin Náisiúnta na Romach nó próisis comhairliúcháin eile.

## 3. CUSPÓIRÍ EARNÁLACHA — CEITHRE PHRÍOMHRÉIMSE

### 3.1 Rochtain chomhionann éifeachtach a mhéadú ar oideachas príomhshrutha cuimsitheach ardcháilíochta

Leis an Moladh ón gComhairle, iarrtar ar na Ballstáit rochtain chomhionann éifeachtach ar gach cineál oideachais agus rannpháirtíocht sna cineálacha oideachais sin a áirithiú, ón luath-óige go dtí an t-oideachas treasach, lena n-áirítear oideachas an dara deis, an t-oideachas aosach agus foghlaim ar feadh an tsaoil. Iarrtar sa Mholadh ón gComhairle freisin ar na Ballstáit idirdheighilt san oideachas a chosc agus deireadh a chur leis.

Ar na bearta a leagann na Ballstáit amach faoin gcuspóir seo tá réimse leathan gníomhaíochtaí lena gcumhdaítear rochtain ar oideachas agus ar chúram na luath-óige, rochtain ar oideachas a éascú, litearthacht sa teanga theagaisc, tacaíocht do leanaí Romacha scileanna digiteacha a shealbhú, bearta chun coinneáil scoile a mhéadú agus luathfhágáil na scoile a chosc, agus, go

pointe áirithe, bearta chun cabhrú le gnóthachtáil oideachais a mhéadú agus le dul ar aghaidh daltaí Romacha ó fhreastal scoile éigeantach go dtí an leibhéal oideachais nach bhfuil an freastal éigeantach ina leith a thuilleadh.

I gcás na mBallstát uile ina bhfuil pobal Romach is mó fós, i gcomhréir leis na gealltanais is uaillmhianaí fós a moladh i gCreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh, chuir siad san áireamh bearta chun idirdheighilt a chosc agus chun páirt a ghlacadh in aistriú daltaí Romacha ó scoileanna idirdheighilte go suíomhanna oideachais príomhshrutha. Mar sin féin, i gcásanna áirithe (e.g. HU, RO agus SK), is cosúil nach leor na bearta atá beartaithe, nár ceapadh go córasach i gcónaí iad ó bhonnlíne dhea-shainithe agus nach bhfuil táscairí agus spriocanna ag gabháil leo i gcónaí ach oiread, chun dul i ngleic le scála na ndúshlán. Cuireann bearta eile cuimsitheacht chun cinn i scoileanna agus téann siad i ngleic le hidirdhealú leanaí Romacha. Luann roinnt NRSFanna forbairt agus úsáid na n-ábhar teagaisc i Romainis.

Níor leag an chuid is mó de NRSFanna bearta leordhóthanacha amach chun soghluaisteacht shóisialta mac léinn Romach a mhéadú agus chun cabhrú leo dul chun cinn rathúil a dhéanamh ón meánoideachas sinsearach go dtí an t-oideachas treasach. Go ginearálta, ní thugann na NRSFanna aghaidh go leordhóthanach ar conas deireadh a chur le bacainní ar rannpháirtíocht leanaí Romacha i naíscoileanna, lena n-áirítear leanaí atá ina gcónaí i gceantair iargúlta, thuaithe nó idirdheighilte. Ná ní mholann siad bearta leordhóthanacha chun tacú le fostú múinteoirí, cúntóirí agus idirghabhálaithe Romacha. Luaitear bearta chun tacú le hoideachas daoine fásta Romacha i roinnt NRSFanna (e.g. AT, BG, DE, EL, ES, HR, HU, FI, IT, LT, PL agus SI).

Tá go leor NRSFanna doiléir faoi na buiséid a leithdháiltear sa réimse seo, rud a fhágann gur deacair leordhóthanacht an chistiúcháin a mheas nó tionchair fhéideartha na mbeart atá beartaithe a thuar.

Maidir le bearta chun cosc a chur ar dhaltaí an scoil a fhágáil go luath, ní dhéantar iad a chomhlánú a ndóthain le bearta leordhóthanacha chun na daltaí Romacha sin a d’fhág an scolaíocht a ath-lánpháirtiú san oideachas foirmiúil. Tá bearta i bhfeidhm ag roinnt Ballstát (e.g. CZ, HR, IT, LV agus SK) chun aghaidh a thabhairt ar an mídhiagnóis leanaí Romacha a chur san oideachas riachtanas speisialta, agus chun é sin a chosc. Tá gá le tuilleadh beart chun aghaidh a thabhairt ar scileanna digiteacha san oideachas agus chun rochtain ar an idirlíon a fheabhsú. Tá gá le bearta freisin chun feabhas a chur ar sholáthar ríomhairí pearsanta, ríomhairí glúine, táibléad agus ábhar teagaisc don chianfhoghlaim agus chun a áirithiú go dtiocfaidh siad chomh fada le pobail bhochta, go háirithe leanaí Romacha. Ní théann na NRSFanna i ngleic go leordhóthanach leis an riosca go ndéanfaí Romaigh a eisiamh ón oideachas digiteach a thuilleadh, mar a chonacthas le linn phaindéim COVID-19.

Cuireann an Ísiltír samplaí de chleachtais a bhfuil gealladh fúthu i gcrích sa réimse seo, rud a chuireann fóirdheontas scoile EUR 1 mhilliún ar fáil in aghaidh na bliana chun tacú le scoileanna a bhfuil leanaí Romacha acu. Déanann Bord Comhairleach Náisiúnta na Fionlainne um Ghnóthaí na Romach athbhreithniú ar ábhair oideachais a bhaineann leis an bpobal Romach agus tugann sé treoraíocht agus moltaí maidir leis an ábhar sin. Cuireann rialtas na Polainne dreasachtaí ar fáil do na rialtais áitiúla chun líon na n-idirghabhálaithe scoile Romacha a mhéadú a thuilleadh.

### 3.2 Rochtain chomhionann éifeachtach a mhéadú ar fhostaíocht inbhuanaithe ardcháilíochta

Sa Mholadh ón gComhairle, iarrtar ar na Ballstáit rochtain chomhionann éifeachtach do na Romaigh, go háirithe do dhaoine óga, ar fhostaíocht inbhuanaithe ardcháilíochta, agus bearta chun an t-idirdhealú a chomhrac, a chosc agus deireadh a chur leis a chur chun cinn agus chun gníomhachtú fostaíochta a chur chun cinn.

Aithníonn formhór na mBallstát an bhearna fostaíochta idir na Romaigh agus an chuid eile den daonra. Molann siad bearta chun cuimsiú a chur chun cinn trí chláir do Romaigh óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna chun feabhas a chur ar a scileanna agus ar a n-inniúlacht dhigiteach, agus chun cúrsaí oiliúna, printíseachtaí agus gairmoiliúint a chur ar fáil. Tá sé d'aidhm ag bearta i roinnt Ballstát taithí phraiticiúil a mhéadú chun an t-aistriú ón oideachas go dtí an margadh saothair a éascú.
Mar chuid de bheartais phríomhshrutha na mBallstát atá dírithe ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste nó grúpaí imeallaithe, tá bearta gníomhachtúcháin i ndáil leis an margadh saothair agus béim ar leith á cur ar dhaoine óga. Cuireann roinnt Ballstát san áireamh bearta chun tacú le Romaigh atá féinfhostaithe agus fiontraíoch.

Tugann an chuid is mó de na NRSFanna aghaidh ar an mbearna fostaíochta idir na hinscní trí bhearta a chur san áireamh a bhfuil sé d'aidhm acu an margadh saothair a ghníomhachtú do mhná Romacha nó trí staidéir a dhéanamh ar na cúiseanna atá le rannpháirtíocht níos ísle na mban Romach sa mhargadh saothair. Ní chuireann ach cúpla Ballstát bearta san áireamh chun oiliúint a chur ar fhostóirí ionchasacha maidir le neamh-idirdhealú agus éagsúlacht, agus is lú fós líon na mBallstát a chuireann san áireamh oiliúint maidir leis an bhfrithghiofógachas.

Chuir formhór na mBallstát ina bhfuil pobal Romach is mó fós chun cinn bearta cuimsitheacha príomhshrutha agus spriocdhírithe, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, chun cuimsiú na Romach a chur chun cinn, agus chun dul i ngleic leis an idirdhealú agus leis an bhfrithghiofógachas mar bhacainn ar rochtain ar fhostaíocht. Luaitear cistí náisiúnta, CSE+, CFRE[19] nó an Ciste um Aistriú Cóir[20] i roinnt NRSFanna mar fhoinsí cistiúcháin chun bearta atá beartaithe a chur chun feidhme, cé go dtagraíonn siad do thionscnaimh phríomhshrutha agus go bhfuil easpa mionsonraí iontu maidir le leithdháiltí buiséadacha do na Romaigh.

Tá sampla de chleachtas a bhfuil gealladh faoi á chur i gcrích ag an mBulgáir agus í ag díriú a hairde ar dhaoine óga dífhostaithe faoi 29 mbliana d'aois, Romaigh ina measc, lena beartas gníomhach príomhshrutha maidir leis an margadh saothair. Is ón Liotuáin a thagann sampla eile, mar gur ghlac sí bearta chun an fhiontraíocht a chur chun cinn agus chun tacú léi, lena n-áirítear do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste amhail na Romaigh. Cuireann an Bheilg na tionscadail Roma@work a chistítear trí CSE chun feidhme, tionscadail a chuidíonn le Romaigh atá ag lorg oibre trí oiliúint agus chóitseáil.

### 3.3 Sláinte na Romach a fheabhsú agus rochtain chomhionann éifeachtach ar chúram sláinte agus ar sheirbhísí sóisialta ardcháilíochta a mhéadú

Leis an Moladh ón gComhairle, iarrtar ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain chomhionann éifeachtach gan bhacainní ar chúram sláinte agus ar sheirbhísí sóisialta

[19] Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.
[20] An Ciste um Aistriú Cóir.

ardcháilíochta, go háirithe do na daoine is mó atá i mbaol nó atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus idirdheighilte atá imeallaithe nó iargúlta.

Aithníonn formhór na mBallstát na dúshláin shonracha a bhaineann le rochtain chomhionann ar chúram sláinte a áirithiú do Romaigh. Tá sé beartaithe ag roinnt NRSFanna staidéir a dhéanamh ar staid sláinte phobal na Romach, d'fhonn cur le heolas agus le cumas na n-údarás bearta spriocdhírithe níos fearr a fhorbairt.

Díríonn formhór na mBallstát ar oiliúint a chur ar chleachtóirí cúraim sláinte, ar oibrithe allamuigh agus ar idirghabhálaithe sláinte Romacha, agus ar fheachtais múscailte feasachta chun stíl mhaireachtála shláintiúil agus cúram sláinte do leanaí a chur chun cinn. I measc na mbeart eile tá for-rochtain dhíreach ar phobal na Romach atá ina gcónaí i lonnaíochtaí, for-rochtain lena gcuirtear seirbhísí cúraim sláinte soghluaiste ar fáil.

Leag roinnt Ballstát bearta amach lena ndírítear ar mhná Romacha agus go sonrach ar shláinte atáirgthe. Tugtar aghaidh ar riachtanais daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta, Romaigh LGBTIQ, chomh maith le híospartaigh nó íospartaigh ionchasacha na gáinneála ar dhaoine, i mbeagán NRSFanna. Is beag Ballstát a chuireann bearta san áireamh atá dírithe ar an ionchas saoil i bpobal na Romach a mhéadú. Molann beagnach leath de na NRSFanna bearta chun gníomhú in aghaidh thionchar phaindéim COVID-19, lena n-áirítear feachtais chun vacsaíniú a spreagadh (e.g. BG, CZ, CY, EE, EL, ES, FR, HU, HR, IE, LV, RO agus SK).

Leag formhór na mBallstát ina bhfuil pobal Romach is mó fós bearta comhcheangailte príomhshrutha agus spriocdhírithe amach agus luann siad go bhfuil pleananna cur chun feidhme ann chun na bearta sin a chur i gcrích ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach, cé nach bhfuil na pleananna sin curtha in iúl go soiléir i gcásanna áirithe. Measann na Ballstáit sin go bhfuil an t-idirdhealú agus an frithghiofógachas i measc na gcúiseanna a chuireann cosc ar Romaigh rochtain a fháil ar chúram sláinte.

Léiríonn roinnt NRSFanna go bhfuil maoiniú CSE+ agus CFRE á úsáid acu don chuspóir seo, go príomha le haghaidh bearta príomhshrutha chun rochtain ar chúram sláinte a fheabhsú do dhaoine imeallaithe.

Cuireann an Phortaingéil samplaí de chleachtais a bhfuil gealladh fúthu ar fáil, mar is ann atáthar ag cur bearta spriocdhírithe chun feidhme le hoiliúint a chur ar idirghabhálaithe sláinte Romacha, agus tá samplaí de chleachtais a bhfuil gealladh fúthu le feiceáil freisin sa Chipir, áit a bhfuil rochtain ar phéidiatraithe á cur ar fáil saor in aisce do gach duine.

### 3.4 Rochtain chomhionann éifeachtach ar thithíocht leormhaith dhídheighilte agus ar sheirbhísí riachtanacha a mhéadú

Leis an Moladh ón gComhairle, iarrtar ar na Ballstáit a áirithiú go gcaithfear go cothrom le Romaigh maidir le rochtain a bheith acu ar thithíocht leormhaith neamh-idirdheighilte agus ar sheirbhísí riachtanacha. Áirítear orthu sin uisce, sláintíocht, fuinneamh, iompar, seirbhísí airgeadais agus cumarsáid dhigiteach, de réir phrionsabal 20 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta[21].

[21] Colún Eorpach na gCeart Sóisialta.

Cuireann roinnt Ballstát bearta san áireamh chun feabhas a chur ar rochtain ar sheirbhísí riachtanacha, go háirithe rochtain ar uisce reatha agus, go pointe áirithe, bearta chun idirdheighilt spásúil a chosc agus deireadh a chur léi. Is beag NRSF a chuimsíonn bearta príomhshrutha agus bearta spriocdhírithe araon chun rochtain ar thithíocht shóisialta a éascú, agus moltar le roinnt NRSFanna bearta chun nósanna imeachta oifigiúla a chur i gcrích maidir le huasghrádú uirbeach agus cónaithe, úinéireacht tí a spreagadh, agus infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar amhail leictreachas, gás, uisce reatha, bainistiú séarachais agus dramhaíola, bóithre agus rochtain ar iompar.

Ní aithníonn ach beagán Ballstát an tábhacht a bhaineann le comhrac in aghaidh an idirdhealaithe agus an fhrithghiofógachais, mar bhacainní ar rochtain ar thithíocht, agus is amhlaidh is lú a fheictear é sin ó thaobh bearta nithiúla de. Ní thugann an chuid is mó de na NRSFanna aghaidh go leordhóthanach ar shaincheisteanna amhail díshealbhú éigeantach, easpa deiseanna do na Romaigh a bheith ina n-úinéirí réadmhaoine nó cíos inbhuanaithe a íoc, nó an bhearna plódaithe tí a laghdú.

I gcoitinne, chuir formhór na mBallstát (CZ, EL, ES, HU agus SK) ina bhfuil pobal Romach is mó fós san áireamh tionscnaimh dhídheighilte ar an leibhéal áitiúil, agus níl bearta ar leith maidir le dídheighilt ag an mBulgáir ná ag an Rómáin. Is éard atá i gceist le tionscnaimh den sórt sin a áirithiú nach dtógfar forbairtí nua a mhaoinítear le cistí poiblí ar bhonn idirdheighilte, go ndéanfar faireachán ar lonnú na Romach i gceantair chónaithe, nó go mbeidh an pobal i gcoitinne rannpháirteach i bpróisis dídheighilte trína n-ullmhú chun fáilte a chur roimh Romaigh a d'aistrigh amach as limistéir idirdheighilte.

Sa réimse seo, tá sé beartaithe ag an gcuid is mó de na NRSFanna úsáid a bhaint as cláir chistiúcháin an Aontais, ach ní thugann siad ach mionsonraí ar bhonn eisceachtúil maidir le leithdháileadh cistiúcháin.

Tagann samplaí de chleachtais a bhfuil gealladh fúthu ón nGearmáin, sa chaoi go léiríonn sí conas is féidir le húdaráis áitiúla cur chuige a bhaineann go sonrach leis na Romaigh a áireamh ina straitéis maidir le rochtain ar thithíocht, agus ón bhFrainc, atá ag cur plean i gcrích chun deireadh a chur le slumaí go hiomlán faoi 2030[22], plean lena ngabhann spriocanna agus amlíne. Tá tuilleadh samplaí á gcur ar fáil ag an tSlóivéin, atá ag tabhairt faoi lonnaíochtaí a mhapáil agus a dhlisteanú chun feabhas a chur ar a mbonneagar, agus ag an tSualainn, a chuir ábhar treoraíochta ar fáil chun feasacht tiarnaí talún a ardú ar staid na Romach ar an margadh tithíochta agus chun an t-idirdhealú a chomhrac. Sampla eile de chleachtas a bhfuil gealladh faoi is ea é tionscadal Housing First Romodrom[23] sa tSeicia, tionscadal a thugann aghaidh ar easpa dídine agus díothacht tithíochta pobail de bhunadh na Romach atá eisiata go sóisialta nó atá i mbaol eisiaimh shóisialta

## 4. FAIREACHÁN AGUS TUAIRISCIÚ

Moladh i gCreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh gur cheart do na Ballstáit uile feabhas a chur ar shocrú spriocanna, bailiú sonraí, faireachán agus tuairisciú, agus gur cheart sonraí a bhailiú go rialta chun cur leis an tuairisciú agus leis an bhfaireachán. Iarradh ar na Ballstáit uile, agus é mar ghealltanas íosta ina gcuid NRSFanna, bonnlínte agus spriocanna náisiúnta a leagan amach i dtreo chuspóirí agus spriocanna an Aontais, ar bhonn measúnú

[22] Plean na Fraince deireadh a chur le slumaí go hiomlán faoi 2030.
[23] https://romodrom.cz/en/our-activities/housing/housing-first/.

cuimsitheach ar riachtanais. Sa bhreis air sin, moladh i gCreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh go gcuirfeadh na Ballstáit san áireamh mar ghealltanas breise ina NRSFanna socrú spriocanna náisiúnta cainníochtúla agus cáilíochtúla i dtreo gach ceann de sheacht gcuspóir an Aontais agus spriocanna gaolmhara, ag brath ar na sonraí a bheith ar fáil agus ar an gcomhthéacs náisiúnta agus ar na dúshláin náisiúnta.

Léirítear é sin freisin sa Mholadh ón gComhairle ina n-iarrtar ar na Ballstáit, agus cuspóirí agus príomhspriocanna an Aontais á mbreithniú acu, spriocanna cainníochtúla agus/nó cáilíochtúla náisiúnta a chur an áireamh ina gcreataí straitéiseacha náisiúnta maidir leis na Romaigh, ar spriocanna iad atá oiriúnaithe d'imthosca náisiúnta agus d'infhaighteacht sonraí maidir le comhionannas.

Foilsíodh Suirbhé 2020-2021 maidir leis na Romaigh[24] a chuir FRA i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2022. Soláthraíonn sé na sonraí bonnlíne faoi staid na Romach in ocht mBallstát den Aontas Eorpach[25] agus in dhá thír is iarrthóirí[26]. Ar bhonn na sonraí sin, déanfar faireachán ar an dul chun cinn san Aontas agus sna Ballstáit a chumhdaítear.

Chun bailiú sonraí níos éifeachtaí agus tuairisciú agus faireachán níos éifeachtaí ar dhul chun cinn i dtreo spriocanna an Aontais agus spriocanna náisiúnta a áirithiú, mhol an Coimisiún go n-úsáidfí punann táscairí, arna forbairt ag FRA le rannpháirtíocht NRCP, oifigí staidrimh náisiúnta agus an Coimisiún.

Chuir formhór na mBallstát sásra um fhaireachán agus um thuairisciú arna chomhordú ag NRCP i bhfeidhm, agus ionchuir ó Ardáin Náisiúnta na Romach, ó eagraíochtaí sochaí sibhialta Romacha, ó aireachtaí, ó chomhlachtaí comhionannais agus ó institiúidí staidrimh náisiúnta á gcur san áireamh. Bainfidh na sásraí sin um fhaireachán agus um thuairisciú tairbhe freisin as rannchuidiú an tionscnaimh um fhaireachán a dhéanamh ar shochaí shibhialta na Romach.

Ba dhúshlánach an ní é measúnú a dhéanamh ar chreataí faireacháin tíortha aonair, arna dhéanamh i gcomhpháirt le FRA, mar is gá feabhas a chur ar an inchomparáideacht ar fud na mBallstát maidir lena gcur chuige staidrimh i leith bonnlínte, táscairí agus spriocanna.

I NRSFanna Ballstát áirithe ina bhfuil pobal Romach is mó fós (BG, CZ, EL, ES, chomh maith le HR) leagtar amach spriocanna cainníochtúla náisiúnta maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht i dtreo na bpríomhspriocanna de sheacht gcuspóir Chreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh. D'fhreagair an tSlóvaic do spriocanna Chreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh i leith sé chuspóir, gan an cuspóir cothrománach 'An bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a laghdú' a chur san áireamh. Chuir an Ungáir spriocanna cainníochtúla náisiúnta follasacha san áireamh agus í ag freagairt do spriocanna Chreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh i réimsí na bochtaineachta, an oideachais agus na fostaíochta. Níor chuir an Rómáin san áireamh spriocanna náisiúnta i dtreo phríomhspriocanna Chreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh.

[24] Suirbhé 2020-2021 EU FRA: Romaigh in 10 dtír Eorpacha — Na príomhthorthaí..
[25] An Chróit, an tSeicia, an Ghréig, an Ungáir, an Iodáil, an Phortaingéil, an Rómáin agus an Spáinn.
[26] An Mhacadóin Thuaidh agus an tSeirbia.

Leag an Eastóin, an tSlóivéin, an Laitvia agus an Liotuáin spriocanna náisiúnta síos a fhreagraíonn do phríomhspriocanna an chreata i leith cuspóir amháin nó níos mó.

D'fhreagair roinnt Ballstát, agus an cur chuige coiteann ach difreáilte á chur i bhfeidhm acu, do cheann amháin nó níos mó de sheacht gcuspóir Chreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh ach níor fhreagair siad ach go páirteach do phríomhspriocanna an Aontais, áfach. Leag na Ballstáit sin síos spriocanna cáilíochtúla nó cainníochtúla agus bearta gaolmhara lena bhféadfaí, mar sin féin, feabhas a chur ar staid na Romach sna réimsí sin.

I gcás na mbeart a mhol na Ballstáit nár leag síos aon sprioc, cuidíonn na bearta sin freisin le feabhas a chur ar staid na Romach ach ní féidir a chinneadh a mhéid a rannchuidíonn siad le príomhspriocanna an Aontais a bhaint amach.

Na Ballstáit a leag amach spriocanna cainníochtúla agus cáilíochtúla do na seacht gcuspóir, i dtreo spriocanna Chreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh, tá siad ag rannchuidiú ar bhealach luachmhar le spriocanna an Aontais a bhaint amach faoi 2030. Mar sin féin, ní mór do na Ballstáit sin a bhfuil dúshláin shonracha rompu agus a bhfuil pobal mór Romach acu (go háirithe an Rómáin, a bhfuil an pobal Romach is mó aici san Aontas) iarrachtaí níos mó a dhéanamh chun spriocanna den sórt sin a leagan síos d'fhonn cur leis an seans go mbainfí amach spriocanna an Aontais faoi 2030.

Maidir le bailiú sonraí, thagair roinnt Ballstát do shonraí atá ar fáil ó shuirbhéanna EUROSTAT agus FRA, agus ó institiúidí staidrimh náisiúnta chomh maith. An tráth céanna, thug roinnt Ballstát údar lena n-easpa bonnlínte agus spriocanna, is é sin de bharr go bhfuil srian dlíthiúil ar bhailiú sonraí maidir le heitneacht.

De réir an Mholta ón gComhairle, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar na tuarascálacha náisiúnta maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach a nochtadh go poiblí ina n-iomláine. Mar sin féin, tá faisnéis faoin ngné sin ar iarraidh i bhformhór na NRSFanna.

## 5. CISTIÚCHÁN LE hAGHAIDH NA gCREATAÍ STRAITÉISEACHA NÁISIÚNTA MAIDIR LEIS NA ROMAIGH A CHUR CHUN FEIDHME

I gCreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh agus sa Mholadh ón gComhairle leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le cistiúchán an Aontais agus cistiúchán náisiúnta le haghaidh chomhionannas, chuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach, agus iarrtar ar na Ballstáit a mhíniú ina gcreataí náisiúnta conas a úsáidfear cistí agus ionstraimí airgeadais an Aontais agus cistí agus ionstraimí airgeadais náisiúnta. Ó thaobh foinsí cistiúcháin de, luaigh a lán Ballstát teaglaim de chistiúchán náisiúnta agus de chistiúchán an Aontais, faoi bheartas comhtháthaithe an Aontais den chuid is mó, chomh maith le cistiúchán ó dheontóirí idirnáisiúnta eile. Úsáidtear an meascán cistiúcháin sin chun na bearta a leagtar amach sna NRSFanna, agus bearta lena n-áirítear Romaigh mar chuid de chláir phríomhshrutha san oideachas, san fhostaíocht, sa tsláinte agus sa tithíocht, a chur chun feidhme.

Le Creat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh agus leis an Moladh ón gComhairle, spreagtar na Ballstáit, go háirithe na Ballstáit a bhfuil dúshláin níos mó rompu agus ina bhfuil pobal suntasach Romach, le leas iomlán a bhaint as an gcistiúchán atá ar fáil faoi chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2021-2027 agus faoi NextGenerationEU le haghaidh an phobail Romaigh. Chun an méid sin a chumasú, rinneadh rialacháin 2021-2027 a neartú agus a chuíchóiriú, mar shampla trí chuspóir sonrach CSE+ lánpháirtiú socheacnamaíoch pobal

imeallaithe, amhail na Romaigh, agus infheistíochtaí comhlántacha CFRE sa réimse sin a chur chun cinn, agus an coinníoll téamach comhfhreagrach cumasúcháin a thabhairt isteach, mar atá an coinníoll atá i Rialachán na bhForálacha Coiteanna[27] maidir le cistí an bheartais chomhtháthaithe.

Leis an gcoinníoll cumasúcháin sin, ceanglaítear ar na Ballstáit a chuireann cistí in áirithe don chuspóir spriocdhírithe sin creat um beartas straitéiseach náisiúnta um chuimsiú na Romach a bheith i bhfeidhm acu. Áirítear leis sin ceanglais láidre a bhaineann le faireachán, bearta in aghaidh na hidirdheighilte, príomhshruthú chuimsiú na Romach ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil, agus dlúthchomhar le sochaí shibhialta na Romach agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile. Déanfar faireachán leanúnach ar an gcoinníoll cumasúcháin le linn na clárthréimhse. Mura gcomhlíonfaidh an Ballstát an coinníoll a thuilleadh, déanfar aisíocaíocht an chaiteachais a bhlocáil don chuspóir sonrach comhfhreagrach. Thairis sin, faoi chlár CSE+, ní mór do na Ballstáit uile ceanglas maidir le díriú téamach 25 % a chomhlíonadh, ceanglas atá dírithe ar an gcuimsiú sóisialta, inar príomh-spriocghrúpa iad na Romaigh.
Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go dtiocfaidh an cistiúchán atá ar fáil chomh fada leis na Romaigh ar bhonn éifeachtach.

Sa chaibidlíocht do chomhaontuithe comhpháirtíochta 2021-2027 agus do chláir CFRE agus CSE+, chuir an Coimisiún i bhfios go láidir gur cheart léiriú agus aghaidh chuí a thabhairt sna cláir atá le teacht ar dhúshláin thírshonracha a bhaineann leis na Romaigh, agus gur cheart bearta lena gcuirtear chun cinn cuimsiú na Romach agus rochtain ar bhonneagar agus ar sheirbhísí príomhshrutha nach bhfuil idirdheighilte a chur chun feidhme.

Tá sé beartaithe ag sé Bhallstát déag cistí a chur in áirithe faoi CSE+ le haghaidh pobail imeallaithe, amhail na Romaigh (BG, CZ, EE, EL, ES, FI, FR, HU, HR, IT, LU, PL, PT, RO, SK agus SI), cistí ar fiú os cionn EUR 1,8 billiún iad[28].

I gcomhréir leis an Rialachán lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF)[29], meastar go rannchuideoidh athchóirithe agus infheistíochtaí a áirítear sna pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta (RRPanna) le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin uile nó ar líon suntasach de na dúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh (CSRanna) a dhírítear ar na Ballstáit i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh ó 2019 ar aghaidh[30]. I gcreat an tSeimeastair, fuair BG, CZ[31], HU, RO agus SK

---

[27] Rialachán (AE) 2021/1060 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí.
[28] Níl sa mhéid sin ach meastachán. Comhfhreagraíonn sé don fhaisnéis a chuir na Ballstáit isteach go hoifigiúil amhail ón 21 Samhain 2022. Ní bheidh na figiúirí deiridh ar fáil go dtí go nglacfar na cláir uile.
[29] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.
[30] Ceanglaítear ar RRPanna náisiúnta aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ar tugadh aghaidh orthu ó 2019 i leith, arb iad moltaí tírshonracha 2019 agus 2020 a bhí i gceist i gcás fhormhór na mBallstát, ós rud é gur glacadh formhór na bpleananna in 2021. Lean timthriall Sheimeastar 2022 cur chuige barainneach agus níor tugadh aghaidh sna CSRanna ach ar thosaíochtaí atá fós gan réiteach agus ar thosaíochtaí nua atá ag teacht chun cinn nár tugadh aghaidh orthu in RRPanna a glacadh. Mar thoradh air sin, in 2022, ní bhfuair ach HU (ar glacadh a RRP an 15 Nollaig 2022) CSR maidir leis na Romaigh. In 2019 chuir an Chomhairle CSRanna faoi bhráid BG, HU, RO agus SK, lena gcumhdaítear go príomha an gá atá le hoideachas cuimsitheach ardcháilíochta le haghaidh daltaí Romacha.

moltaí tírshonracha go tráthrialta i ndáil leis an bpobal Romach a chuimsiú le linn 2012-2019. In 2019, chuir an Chomhairle CSRanna faoi bhráid BG, HU, RO agus SK, lena gcumhdaítear go príomha an gá atá le hoideachas cuimsitheach ardcháilíochta le haghaidh daltaí Romacha.

In 2022, thagair tuarascálacha tíre BG, CZ, HU, RO agus SK go sonrach don tábhacht a bhaineann le saincheisteanna i ndáil le cuimsiú na Romach. In 2022, fuair gach Ballstát a raibh RRP formheasta aige moladh maidir leis an RRP agus cláir an bheartais chomhtháthaithe a chur chun feidhme. Fuair an Ungáir, a ndearna an Chomhairle a RRP a fhormheas an 15 Nollaig 2022[32], CSR maidir le cuimsiú na Romach in 2022. Leis an Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, ceanglaítear ar na Ballstáit freisin míniú a thabhairt ar an gcaoi a bhfuil coinne leis go rannchuideoidh na bearta ina gcuid RRPanna féin le comhdheiseanna do chách agus le príomhshruthú na gcuspóirí sin, i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta. I gcás roinnt RRPanna náisiúnta, cuirtear san áireamh go sainráite na Romaigh mar thairbhithe de bhearta áirithe, cuir i gcás trí thacaíocht do sheirbhísí cúraim leanaí agus rochtain ar oideachas príomhshrutha ardcháilíochta le haghaidh mic léinn atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta, lena n-áirítear Romaigh, chomh maith le hinfheistíochtaí tiomnaithe, e.g. seirbhísí leighis a chur ar fáil do phobail na Romach.

Baineann infheistíochtaí agus athchóirithe eile le hionaid don óige a chruthú a dhíríonn ar fhorbairt phearsanta daoine óga ó ghrúpaí leochaileacha, amhail na Romaigh, agus le soláthar tithíochta sóisialta atá fuinneamhéifeachtúil le haghaidh grúpaí leochaileacha. Ar an iomlán, áirítear sna pleananna líon suntasach athchóirithe agus infheistíochtaí chun tacú le cuspóirí sóisialta. Ar an iomlán, tá thart ar 28 % dá gcistí RRF tiomnaithe ag na Ballstáit chun tacú le cuspóirí sóisialta i gceithre chatagóir: fostaíocht agus scileanna, oideachas agus cúram leanaí, cúram sláinte agus cúram fadtéarmach, agus beartais shóisialta[33].

Iarrtar ar na Ballstáit an leas is fearr is féidir a bhaint as an gcistiúchán sin chun bearta a cheapadh agus a chur chun feidhme d’fhonn feabhas a chur ar an rochtain atá ag grúpaí imeallaithe amhail na Romaigh ar oideachas príomhshrutha nach bhfuil idirdheighilte, tithíocht, sláinte, cúram fadtéarmach agus fostaíocht, chun a gcuimsiú sóisialta a chur chun cinn, agus chun tacú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta a oibríonn le pobail imeallaithe na Romach.

## 6. TÍORTHA AN MHÉADAITHE: TÍORTHA IS IARRTHÓIRÍ AR AN AONTAS EORPACH AGUS IARRTHÓIRÍ IONCHASACHA[34]

[31] Fuair CZ CSRanna sonrach i ndáil le cuimsiú an phobail Romaigh go dtí 2016.

[32] Toradh ar an nós imeachta i scríbhinn um plean téarnaimh na hUngáire - Consilium (europa.eu)

[33] An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta (europa.eu).

[34] Ní chumhdaítear an Tuirc leis an measúnú seo mar níl straitéis náisiúnta maidir leis na Romaigh aici. I mí an Mheithimh 2022, tar éis Tuairimí ón gCoimisiún Eorpach, thug an Chomhairle Eorpach peirspictíocht Eorpach don Úcráin, don Mholdóiv agus don tSeoirsia, agus bronnadh stádas tír is iarrthóir ar an Úcráin agus ar an Moldóiv freisin. De bharr go ndearnadh na cinntí sin le déanaí, ní áirítear aon cheann de na trí thír sa mheasúnú fiú má tá straitéisí náisiúnta maidir leis na Romaigh ag an Úcráin agus Poblacht na Moldóive.

Ag léiriú dóibh go bhfuil siad tiomanta go láidir do chuimsiú na Romach, chomhaontaigh ceannairí na mBalcán Thiar, laistigh de phróiseas Poznań[35], a bpleananna gníomhaíochta/NRSFanna a thabhairt i gcomhréir le Creat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh agus, dá bhrí sin, cumhdaítear iad sa mheasúnú seo.

Ar fud réigiún na mBalcán Thiar áirítear cuspóir an fhrithghiofógachais a chomhrac. Bhí an tsochaí shibhialta rannpháirteach in ullmhú na NRSFanna nua. Tá táscairí náisiúnta agus uirlisí faireacháin i bhfeidhm in NRSFanna uile chomhpháirtithe na mBalcán Thiar. Mar sin féin, ba cheart bailiú sonraí tráthrialta, tuairisciú poiblí agus meastóireacht a neartú chun measúnú iontaofa ar an dul chun cinn a áirithiú, agus úsáid á baint as an toradh ó shuirbhéanna na mBalcán Thiar mar bhonnlíne don réigiún.

Cé gur fadhb fhorleathan í bochtaineacht agus eisiamh sóisialta na Romach sa réigiún, leis na bearta lena ndírítear ar an bhfadhb sin ní chumhdaítear go leordhóthanach an t-il-idirdhealú agus an t-idirdhealú struchtúrach (mná, daoine scothaosta, leanaí, daoine LGBTIQ agus Romaigh gan stát). Ní thugtar aghaidh go leordhóthanach ar an ngá atá ann sainordú agus cumas riaracháin na bpointí teagmhála náisiúnta do na Romaigh a neartú ná ar an ngá a áirithiú go mbeidh siad rannpháirteach go díreach i gclársceidealú agus i bhfaireachán chistí an Aontais, mar a leagtar béim air sa chreat.

Maidir le cistiúchán, tugann na NRSFanna agus na Pleananna Gníomhaíochta níos mó airde ar riachtanais chistiúcháin a shainaithint agus tagraíonn siad do leithdháiltí ó bhuiséid náisiúnta. Mar sin féin, tá ardleibhéal spleáchais ar chistiúchán ó dheontóirí. An tacaíocht shuntasach airgeadais ón gCoimisiún trí chistí na hionstraime um chúnamh réamhaontachais (IPA), tacaíonn sí cheana féin le rialtais agus le húdaráis áitiúla feabhas a chur ar a n-acmhainneacht, agus tacaíonn sí le hoideachas, le fiontraíocht, le dlisteanú lonnaíochtaí agus le líonraí ESSanna na Romach. Leanfar den tacaíocht airgeadais sin ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach araon, agus cumhdófar réimsí tosaíochta nua léi, amhail an réimse digiteach.

Maidir le cuspóirí earnálacha Chreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh, is sprioc straitéiseach i ngach ceann de na NRSFanna é rochtain ar oideachas, ar fhostaíocht agus ar shláinte atá go léir ar ardcháilíocht a mhéadú, cé go dtugtar aghaidh air le leibhéil éagsúla sonraí. Ní thugtar aird leordhóthanach ar fhostú ban agus daoine óga Romacha agus ar shealbhú scileanna digiteacha. Ní chumhdaítear bearta sláinte do leanaí, do dhaoine leochaileacha agus d'íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe ach go páirteach, agus ní thugtar aghaidh go leordhóthanach ar an idirghabháil sláinte a fheabhsú. Maidir le tithíocht, chuir tíortha na mBalcán Thiar mapáil ar lonnaíochtaí neamhdhleathacha/neamhfhoirmiúla i gcrích cheana féin. Cuirtear san áireamh sna NRSFanna tagairtí do rochtain ar thithíocht shóisialta, ach ní chumhdaíonn siad ach go páirteach saincheisteanna amhail an bonneagar i lonnaíochtaí a dhlisteanú agus a fheabhsú, deireadh a chur le cleachtas an díshealbhaithe éigeantaigh, agus bearta chun aghaidh a thabhairt ar easpa dídine na Romach. Ar an iomlán, tá dul chun cinn maith á dhéanamh i rith an ama ach is gá iarrachtaí breise a dhéanamh sa deacáid amach romhainn.

I gcás chomhionannas, chuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach, agus an ailínithe atá á dhéanamh de réir a chéile le Creat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh, ní mór

[35] An toradh ar Chruinniú Mullaigh Shóifia an 6 Samhain 2020, Dearbhú Poznań ó chomhpháirtithe na mBalcán Thiar maidir le lánpháirtíocht na Romach laistigh den Phróiseas um Méadú an Aontais Eorpaigh.

aghaidh a thabhairt i gceart orthu sin san Úcráin agus i bPoblacht na Moldóive[36], an dá thír is iarrthóirí nua ar bhallraíocht san Aontas, agus sa tSeoirsia freisin, mar iarrthóir ionchasach. Áirítear cheana féin sna tosaíochtaí a shainítear sna Tuairimí ón gCoimisiún Eorpach[37] an gá go ndéanfaidh na trí thír cearta a mionlach náisiúnta agus a ngrúpaí leochaileacha agus an creat dlíthiúil maidir leo a neartú.

Déanfaidh an Coimisiún dlúthfhaireachán ar an dul chun cinn agus leanfaidh sé de thacaíocht airgeadais a thabhairt do chuimsiú na Romach sna Balcáin Thiar, san Úcráin, sa Mholdóiv, sa tSeoirsia agus sa Tuirc, mar chuid de Chaibidil 23 den chaibidlíocht maidir le méadú, 'An Bhreithiúnacht agus Cearta Bunúsacha'.

## 7. TREORAÍOCHT DO NA BALLSTÁIT

Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na réimsí atá le feabhsú, réimsí a sainaithníodh sa Teachtaireacht seo agus san anailís thírshonrach atá sa chéad chuid den doiciméad inmheánach oibre, lena n-áirítear trí bhuiséid chomhfhreagracha a leithdháileadh (chomh maith leis na foinsí airgeadais a leagan amach, e.g. buiséid náisiúnta, CFRE, cláir CSE+, RRP). De réir a gcomhthéacs náisiúnta, ba cheart do na Ballstáit úsáid éifeachtach a bhaint as na sásraí chun a NRSFanna agus/nó a bpleananna gníomhaíochta agus cur chun feidhme a athnuachan nó a thabhairt cothrom le dáta chun iad a dhéanamh níos uaillmhianaí.

Moltar go láidir do na Ballstáit a bhfuil pobal mór Romach acu a leibhéal uaillmhéine a mhéadú agus iad ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin atá roimh na Romaigh sna ceithre réimse earnálacha, agus cur i bhfeidhm cuí trasearnálach na gcuspóirí cothrománacha a áirithiú an tráth céanna chun an frithghiofógachas, an t-idirdhealú, an fhuathchaint agus an fhuathchoireacht agus an bhochtaineacht a chomhrac, agus rannpháirtíocht fhiúntach na Romach sa tsochaí a áirithiú. Ba cheart cur chun feidhme NRSFanna agus pleananna gníomhaíochta a bheith bunaithe ar bhonnlínte daingne, lena n-áirítear Suirbhé FRA 2020-2021 ar na Romaigh le haghaidh na dtíortha a ndearnadh suirbhé orthu, agus a bheith bunaithe ar spriocanna atá uaillmhianach go leor agus a bhaineann go dlúth le spriocanna leibhéil Chreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh. Tá sé tábhachtach go nglacfadh na Ballstáit sin cur chuige comhcheangailte lena ndéantar comhionannas agus cuimsiú na Romach a spriocdhíriú agus a phríomhshruthú araon.

I gcás na mBallstát a bhfuil sraith beart beartais acu maidir le cuimsiú, iarrann an Coimisiún orthu a áirithiú go sroichfidh beartais agus cláir phríomhshrutha um chuimsiú sóisialta pobal na Romach go héifeachtach agus bearta spriocdhírithe a fhorbairt lena gcothófar rochtain do na Romaigh ar bhonneagar agus ar sheirbhísí príomhshrutha nach bhfuil idirdheighilte de réir mar is gá.

Na Ballstáit uile atá i mbun straitéisí náisiúnta eile a fhorbairt nó a chur chun feidhme arb é is aidhm dóibh neamhionannas a laghdú nó dul i ngleic leis an idirdhealú, amhail pleananna gníomhaíochta frithchiníochais nó pleananna gníomhaíochta faoin Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, molann an Coimisiún dóibh a áirithiú go ndéanfar saincheisteanna na Romach a phríomhshruthú go leormhaith, mar aon le comhlántacht agus ailíniú iomlán leis na bearta a gealladh sna NRSFanna.

---

[36] Sa tuairim ón gCoimisiún i mí an Mheithimh 2022 maidir leis an Moldóiv, tugadh moltaí maidir leis na Romaigh..

[37] Tuairimí ón gCoimisiún Eorpach ar na hiarratais ar bhallraíocht san Aontas Eorpach.

Chomhaontaigh na Ballstáit uile le príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus bochtaineacht a moladh i bPlean Gníomhaíochta 2021 um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta[38]. D'fhorbair siad spriocanna náisiúnta sna réimsí sin, spriocanna ar cheart iad a úsáid a mhéid is féidir chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár.

**Pointí Teagmhála Náisiúnta do na Romaigh**

Is gné riachtanach de chur chun feidhme rathúil na gcreataí straitéiseacha náisiúnta maidir leis na Romaigh iad ról agus éifeachtacht NRCPanna. Cé gur chuir formhór na mBallstát isteach ina NRCPanna sainorduithe oiriúnacha agus róil chomhordúcháin le haireachtaí agus le húdaráis fhreagracha eile, níor neartaíodh go leordhóthanach an chuid is mó de na NRCPanna ó thaobh acmhainní breise airgeadais agus foirne de, rud a chuireann teorainn lena gcumas a ról comhordúcháin agus faireacháin a chur i gcrích go críochnúil. Ba cheart dóibh a bheith rannpháirteach freisin, de réir mar is ábhartha, i gclársceidealú, i gcur chun feidhme agus i bhfaireachán (lena n-áirítear Coistí Faireacháin) chláir CFRE agus CSE+, agus RRPanna, agus aon chiste eile de chuid an Aontais lenar féidir tacú le comhionannas agus cuimsiú na Romach. Athdhearbhaíonn an Coimisiún a thábhachtaí atá sé go ndéanfaidh na Ballstáit na NRCPanna a chumhachtú a thuilleadh ionas gur féidir leo a bpríomhról a chomhlíonadh go héifeachtach.

**An Frithghiofógachas**

Is príomhchuspóir agus treoirphrionsabal de Chreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh agus an Mholta ón gComhairle é an frithghiofógachas a chomhrac agus a chosc. Aithnítear ina lán NRSFanna a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar na cineálacha éagsúla frithghiofógachais mar a fheictear agus mar a chuirtear in iúl é, lena n-áirítear ciníochas, idirdhealú, claontacht, steiréitíopaí agus stiogmatú i gcoinne phobal na Romach, chomh maith leis an bhfuathchaint agus coireanna fuatha.

Tagraíonn a lán Ballstát don fhrithghiofógachas ina dtuairiscí ar chomhthéacsanna náisiúnta agus ar dhúshláin náisiúnta. Leag formhór na mBallstát ina bhfuil pobail Romacha is mó fós amach cuspóirí agus bearta chun an feiniméan seo a chomhrac, ach ar leibhéil éagsúla agus ar leibhéil éagsúla uaillmhéine, rud nach bhfuil ag teacht go leordhóthanach le scála na faidhbe. Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit a n-iarrachtaí a neartú sa réimse seo agus spreagann sé na Ballstáit sin nár leag pleananna amach le haghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin déanamh amhlaidh anois.

**Idirdheighilt san oideachas agus sa tithíocht**

Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit, go háirithe iad siúd a bhfuil pobal Romach suntasach acu, dlús a chur lena n-iarrachtaí idirdheighilt scoile agus spásúil leanaí Romacha a chosc agus deireadh a chur leis sin, agus aghaidh a thabhairt ar an mídhiagnóis a bhíonn ina cúis le leanaí Romacha a chur san oideachas riachtanas speisialta. I dtaca leis na bacainní a chuireann cosc ar leanaí Romacha teacht ar oideachas réamh-bhunscoile agus oideachas ardcháilíochta a fháil ar gach leibhéal i suíomhanna nach bhfuil idirdheighilte, molann an Coimisiún do na Ballstáit freisin na bacainní sin a shainaithint go réamhghníomhach agus iad a bhaint. Molann an Coimisiún go láidir do na Ballstáit cistiúchán an Aontais Eorpaigh (CSE+, CFRE, InvestEU agus RRP) a úsáid a oiread is féidir chun cuidiú le feabhas a chur ar dhálaí

[38] Spriocanna Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta faoi 2030.

maireachtála agus deiseanna forbartha phobail imeallaithe na Romach agus na Romach sin atá ag maireachtáil i dteaghlaigh ar ioncam íseal agus atá i mbaol na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta. Ba cheart do na Ballstáit tithíocht shóisialta phríomhshrutha a sholáthar i limistéir nach bhfuil idirdheighilte, in éineacht le bearta chun rochtain ar oideachas príomhshrutha, ar fhostaíocht, ar chúram sláinte agus ar chúram sóisialta a chothú, agus gníomhaíochtaí áitiúla a fhorbairt nó a thabhairt cothrom le dáta agus pleananna dídheighilte a chur chun feidhme.

**Spriocanna agus táscairí**

Tá sé ríthábhachtach spriocanna náisiúnta a bheidh cainníochtaithe go cruinn, agus nasctha le táscairí agus bonnlínte, a leagan síos chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo spriocanna Chreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh a bhaint amach. Cuireann Suirbhé FRA 2020-2021 ar Romaigh bonnlíne ar fáil do na tíortha a ndearnadh suirbhé orthu. Tá sé tábhachtach go nglacfadh na Ballstáit sin cur chuige comhcheangailte lena ndéantar comhionannas agus cuimsiú na Romach a spriocdhíriú agus a phríomhshruthú araon.

Molann an Coimisiún do na Ballstáit uile freisin a NRSFanna a athbhreithniú agus a leasú, de réir mar is gá, chun spriocanna cainníochtúla sonracha a fhorbairt a chuideoidh leis an Aontas na spriocanna i gCreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh a bhaint amach faoi 2030.

**Príomhshruthú**

Déanann a lán NRSFanna tuairisc ar bhearta atá nasctha le beartais agus cláir phríomhshrutha um chuimsiú sóisialta. Mar sin féin, is minic a bhíonn easpa mionsonraí sna bearta sin faoin gcaoi ar féidir le Romaigh tairbhe a bhaint astu agus faoina mhéid is féidir leo tairbhe a bhaint astu. Cé go bhfuil gá le hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar chuimsiú na Romach trí bheartais agus chláir phríomhshrutha, ba cheart do na Ballstáit coimircí a leagan síos chun cosc a chur le haon easnamh nó le lagiarrachtaí a bhaineann leis na Romaigh a chuimsiú. Ba cheart do NRCPanna a bheith rannpháirteach agus ba cheart iad a chumasú chun ról comhordúcháin trasearnálach a ghlacadh sa phróiseas sin.

**Rannpháirtíocht**

Ba cheart do na Ballstáit fíor-rannpháirtíocht fhóinteach na Romach a áirithiú agus a léiriú ag gach céim de chur chun feidhme NRSFanna agus de chláir chistí an Aontais ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus i bhfaireachán agus tuairisciú NRSF. Is féidir comhar i ndáil leis sin a bhaint amach trí rannpháirtíocht Ardáin Náisiúnta na Romach nó a choibhéis de phróisis chomhairliúcháin agus de phróisis rannpháirtíochta a neartú.

## 8. TACAÍOCHT ÓN gCOIMISIÚN EORPACH

1) Reachtaíocht an Aontais a fhorfheidhmiú

Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorfheidhmiú agus ar chur i bhfeidhm na Treorach maidir le Comhionannas Ciníoch[39], na Treorach maidir le Cearta Íospartach,[40]

[39] Treoir 2000/43/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan spleáchas do thionscnamh ciníoch nó eitneach.

[40] Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle.

agus an Chinnidh Réime ón gComhairle maidir le ciníochas agus seineafóibe a chomhrac agus rachaidh sé ar aghaidh, más gá, le cásanna maidir le sárú, chun athruithe ar reachtaíocht agus ar bheartas náisiúnta a spreagadh. Neartóidh an Coimisiún an creat institiúideach chun an t-idirdhealú a chomhrac trí thogra reachtach a chur ar aghaidh maidir le caighdeáin do chomhlachtaí comhionannais.

2) Comhionannas na Romach a phríomhshruthú i dtionscnaimh bheartais an Aontais agus cistí an Aontais a shlógadh do na Romaigh

Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar an comhrac in aghaidh an idirdhealaithe chiníoch nó eitnigh a phríomhshruthú i mbeartais, i reachtaíocht agus i gcláir chistiúcháin an Aontais lena gcuirtear comhtháthú, cuimsiú agus rannpháirtíocht chun cinn. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme na mbeartas atá ábhartha maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach, i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh freisin.

Tabharfar tacaíocht do na Ballstáit chun a gcreataí náisiúnta maidir leis na Romaigh a fhorbairt agus a chur chun feidhme a thuilleadh, trí thacaíocht airgeadais agus bhearta comhordúcháin. Tabharfar tuilleadh tacaíochta freisin i bhfoirm cúnaimh ón Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil[41]. Tairgfear fothú acmhainneachta, go háirithe trí FRA, chun córais láidre faireacháin agus mheastóireachta a fhorbairt, agus chun sonraí comhionannais a bhailiú d'fhonn beartais a cheapadh agus creataí náisiúnta maidir leis na Romaigh a chur chun feidhme. Tabharfar cuidiú do NRCPanna a gcuid eolais agus a gcuid acmhainneachta a fhorbairt chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme na gcreataí náisiúnta maidir leis na Romaigh, agus chun táscairí saincheaptha a fhorbairt.

Bainfidh an Coimisiún an leas is fearr as cruinnithe NRCPanna chun obair leantach a dhéanamh ar thorthaí na Teachtaireachta seo.

Tacóidh an Coimisiún le cur chun feidhme clár agus tionscadal éagsúil, amhail scéim phíolótach AE HERO[42] lena gcumasaítear tionscadail phíolótacha a chuireann feabhas ar rochtain ar thithíocht agus ar fhostaíocht le haghaidh teaghlaigh leochaileacha Romacha, agus Réamhbheart 2021-2025 an Aontais — an tionscnamh um fhaireachán a dhéanamh ar shochaí shibhialta na Romach maidir le fothú acmhainneachta eagraíochtaí sochaí sibhialta na Romach chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme NRSFanna. Dírítear i dtionscadail eile ar rochtain ar oideachas, nó ar fhothú acmhainneachta le haghaidh ceapadh beartas, amhail cláir chomhpháirteacha an Aontais agus Chomhairle na hEorpa INSCHOOL agus ROMACT[43].

Gheobhaidh na Pointí Teagmhála Náisiúnta do na Romaigh agus Ardáin Náisiúnta na Romach tacaíocht trí na glaonna tiomnaithe ón gCoimisiún faoin gclár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna Cearta agus Luachanna (CERV)[44]. Tacaíonn clár CERV freisin le tionscadail lena ndéantar an ciníochas, an frithghiofógachas agus an t-

[41] Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil.
[42] Scéim phíolótach AE HERO
[43] Cláir chomhpháirteacha an Aontais Eorpaigh agus Chomhairle na hEorpa: rochtain ar oideachas INSCHOOL, agus fothú acmhainneachta le haghaidh ceapadh beartas ROMACT; tacaíonn tionscadal de chuid REDI Economic Development S.A. le fiontraíocht na Romach i gceithre thír, le tacaíocht ón gCiste Eorpach Infheistíochta (CEI).
[44] An Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna Cearta agus Luachanna.

idirdhealú a chomhrac, agus le tionscadail a dhéanann comóradh ar an Uileloscadh trína ghlaonna ar an gclár Cuimhneachán Eorpach[45].

Éascóidh an Coimisiún comhar idir na Ballstáit chun rochtain chomhionann ar oideachas ardcháilíochta a chur chun cinn do chách tríd an Limistéar Eorpach Oideachais (LEE) agus tríd an bplean gníomhaíochta don oideachas digiteach[46], chomh maith le CSE+. Leanfaidh an Coimisiún den fhoghlaim fhrithpháirteach a éascú i ndáil leis an idirdhealú a chomhrac san oideachas agus tríd an oideachas faoin meitheal comhionannais agus luachanna atá aige faoi Chreat Straitéiseach LEO.

Déanfaidh an Coimisiún saincheisteanna maidir leis na Romaigh a phríomhshruthú a thuilleadh sna gníomhaíochtaí ábhartha uile faoi na straitéisí lena gcuirtear chun feidhme cláir Aontas an Chomhionannais[47], Erasmus+[48] agus an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh[49]. Slógfaidh an Coimisiún acmhainní faoin gclár EU4Health[50] chun cabhrú le galair a chosc agus vacsaíniú a éascú, agus chun cuidiú le sásraí a fhorbairt d'fhonn déileáil níos fearr le géarchéimeanna a bhaineann leis an tsláinte, lena n-áirítear i measc phobal na Romach. Trí na Cistí Aeráide agus Bonneagair[51], cuirfidh tionscadail chun cinn cuimsiú daoine faoi mhíchumas agus daoine atá i mbaol na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear pobal na Romach, agus tithíocht shóisialta inacmhainne freisin.

Agus cistí an Aontais Eorpaigh á gcur chun feidhme aige, lena n-áirítear cláir Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), oibreoidh an Coimisiún leis na Ballstáit chun a áirithiú go dtabharfar aghaidh ar riachtanais phobal na Romach trí chur chuige comhcheangailte maidir le bearta príomhshrutha agus spriocdhírithe, agus cothóidh sé malartú dea-chleachtas agus treoraíochta do na Ballstáit maidir le dídheighilt san oideachas agus sa tithíocht.

3) Gníomhaíocht agus tacaíocht ón Aontas Eorpach chun rannpháirtíocht, cuimsiú agus éagsúlacht na Romach a chur chun cinn

Ag cur lena chleachtas seanbhunaithe, oibreoidh an Coimisiún leis an mBallstát a bhfuil Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh aige chun na saincheisteanna a bhaineann le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach a choimeád mar thosaíocht ar an gclár oibre polaitiúil.

Cuirfidh an Coimisiún lena chuid oibre maidir le comhpháirtíochtaí trasnáisiúnta, foghlaim fhrithpháirteach agus malartú feasa gnó agus samplaí de chleachtais a bhfuil gealladh fúthu a chothú trí thacú leis an méid seo a leanas: (i) líonra na bPointí Teagmhála Náisiúnta do na Romaigh (ii) eagrú an Ardáin Eorpaigh um Chuimsiú na Romach (iii) cur chun feidhme an tionscnaimh um fhaireachán a dhéanamh ar shochaí shibhialta na Romach (iv) comhar le Líonra Eorpach na gComhlachtaí Comhionannais (Equinet) agus leis an líonra EURoma.

[45] Glao ar thograí maidir le cuimhneachán Eorpach
[46] Limistéar Eorpach Oideachais, príomhábhair: Feabhas a chur ar an gcáilíocht agus ar an gcothromas san oideachas agus san oiliúint agus an plean gníomhaíochta don oideachas digiteach.
[47] Aontas an Chomhionannais: an chéad bhliain de ghníomhartha agus de ghnóthachtálacha.
[48] Erasmus+ - clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt.
[49] An Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach.
[50] Clár EU4Health.
[51] Cistí InvestEU Aeráide agus Bonneagair.

Leanfaidh an Coimisiún dá chomhar agus dá chomhpháirtíocht le Parlaimint na hEorpa agus le sochaí shibhialta na Romach freisin, chun Lá Idirnáisiúnta na Romach a cheiliúradh.

Pléifear torthaí an mheasúnaithe seo freisin le heagraíochtaí na sochaí sibhialta i nGrúpa Comhairliúcháin Eagraíochtaí Sochaí Sóisialta an Choimisiúin, agus mar chuid de chleachtadh 2021-2025 um fhaireachán a dhéanamh ar shochaí shibhialta na Romach, chun an gníomh is fearr a shainaithint d'fhonn aghaidh a thabhairt ar easnaimh agus ar bhealaí chun iad a shárú, agus chun samplaí de chleachtais a bhfuil gealladh fúthu a fhorbairt agus iad a chur in úsáid ar bhonn níos leithne.

Déanfaidh an Coimisiún éagsúlacht agus cuimsitheacht a chur chun cinn tríd an gClár Eoraip na Cruthaitheachta[52], chomh maith le cuimsiú na Romach san ionad oibre trí Ardán an Aontais Eorpaigh le haghaidh Cairteacha um an Éagsúlacht[53]. Cuideoidh Straitéis nua Acmhainní Daonna[54] an Choimisiúin le héagsúlacht a bhaill foirne a mhéadú, agus féachfaidh sé le níos mó oiliúnaithe agus baill foirne ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht agus ó mhionlaigh eitneacha a fhostú. Trína Lárionad Inniúlachta maidir le Daonlathas Rannpháirtíochta agus Dioscúrsach[55], tugann an Coimisiún léargas freisin ar chleachtaí a fhorbairt a bhaineann le rannpháirtíocht chuimsitheach saoránach lena bhféadfar rannpháirtíocht chuimsitheach na Romach san Eoraip ar an leibhéal polaitiúil agus ar an leibhéal áitiúil san Eoraip a chothú.

4) Gníomhaíocht agus tacaíocht ón Aontas Eorpach chun comhionannas a chur chun cinn agus frithghiofógachas a chomhrac

Mar obair leantach ar a ghealltanas tuairiscí dearfacha faoi phobal na Romach agus eiseamláirí Romacha a chur chun cinn, agus an frithghiofógachas, steiréitíopáil, reitric fhrith-Romach agus an fhuathchaint a chomhrac, leanfaidh an Coimisiún dá chuid oibre tríd an nGrúpa Ardleibhéil um an bhfuathchaint agus um an bhfuathchoireacht a chomhrac, agus trí chomhar agus obair chomhpháirteach le Comhairle na hEorpa trí bhíthin an tionscadail EQUIROM[56] atá le teacht.

## 9. CONCLÚID

I gcás na bpríomhchuspóirí, na spriocanna agus na mbeart a chuirtear san áireamh i gCreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh agus sa Mholadh ón gComhairle, léirítear iad ar leibhéil éagsúla sna Creataí Straitéiseacha Náisiúnta maidir leis na Romaigh (NRSFanna). Chun go mbeidh NRSFanna in ann na hathruithe inmhianaithe a bhaint amach faoi 2030, ní mór comhpháirtíochtaí láidre a fhorbairt agus a choinneáil ar bun idir na páirtithe leasmhara ábhartha uile, chun freagairt go héifeachtach do na dúshláin a bhaineann go sonrach le tíortha ar leith, chun faireachán críochnúil a dhéanamh ar an dul chun cinn agus chun na NRSFanna a choigeartú agus a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá. Leanfaidh an Coimisiún de

[52] An clár Eoraip na Cruthaitheachta.
[53] Ardán an Aontais Eorpaigh le haghaidh Cairteacha um an Éagsúlacht - is ionad é an tArdán le haghaidh Cairteacha Eorpacha um an Éagsúlacht atá ann cheana (tá 26 cinn ann faoi láthair) chun taithí agus dea-chleachtais a mhalartú agus a chomhroinnt.
[54] Straitéis Acmhainní Daonna an Choimisiúin.
[55] Lárionad Inniúlachta an Choimisiúin maidir le Daonlathas Rannpháirtíochta agus Dioscúrsach.
[56] An tionscadal um chomhionannas agus um shaoirse ón idirdhealú in aghaidh phobal na Romach (EQUIROM), is tionscadal é a chuirfidh Comhairle na hEorpa i gcrích le cistiúchán ó ghlao CERV-2021-COEU-1 ar thograí.

bheith ag obair ar leibhéal an Aontais chun a áirithiú go dtabharfar tacaíocht iomlán don obair sin.

Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit an leas is fearr is féidir a bhaint as an measúnú, na torthaí agus an treoraíocht ón gCoimisiún maidir le feabhsúchán, agus tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn a bheidh déanta acu faoi mhí an Mheithimh 2023, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle. Sa chéad Teachtaireacht eile ón gCoimisiún, déanfar measúnú ar na chéad tuarascálacha ó na Ballstáit i ndáil le cur chun feidhme a gcreataí straitéiseacha náisiúnta maidir leis na Romaigh agus i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta acu i dtreo spriocanna 2030.

Tá FRA tiomanta do Shuirbhé nua maidir leis na Romaigh a sheoladh in 2024. Cuirfidh na torthaí ón suirbhé, mar aon le tuairisciú débhliantúil na mBallstát, feabhas ar chumas na mBallstát, agus ar chumas an Choimisiúin chomh maith, an dul chun cinn i dtreo spriocanna 2030 Chreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh a thomhas. Oibreoidh an Coimisiún go dlúth le FRA chun an dul chun cinn sin a thomhas.

Is tábhachtach an tástáil le haghaidh Aontas an Chomhionannais, agus le haghaidh an Aontais Eorpaigh ar bhonn níos ginearálta, é an dul chun cinn a dhéantar maidir le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sonracha atá le sárú ag na Romaigh, agus tá an Coimisiún tiomanta a áirithiú go gcoinnítear ar bun an rannchuidiú ar leibhéal an Aontais leis na hiarrachtaí sin.